2024/2025

20.12.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2025 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Iúil 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/1056 trí leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I Cuid B a ghabhann leis

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(3), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart Cuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1056 a leasú chun na tagairtí do cheanglais um fhaisnéis rialála sa dlí náisiúnta a dtugann na Ballstáit fógra don Choimisiún ina leith a chuimsiú. Fágfaidh sé sin go mbeidh oibreoirí eacnamaíocha in ann faisnéis a sholáthar go leictreonach chun a chruthú go gcomhlíonann siad na ceanglais dhlíthiúla a leagtar amach sna dlíthe náisiúnta sin freisin, chomh maith leis na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

(2) Rinne an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe agus le páirtithe leasmhara ([2]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2020/1056

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Chuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1056.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialachán seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 249, 31.7.2020, lch. 33.
([2]) Is féidir doiciméid agus tuarascálacha na gcruinnithe ábhartha a fháil ar Clár shainghrúpaí an Choimisiúin agus eintiteas comhchosúil eile (europa.eu). Is féidir aiseolas ó pháirtithe leasmhara a fuarthas maidir leis an ndréachtghníomh a comhroinneadh ar thairseach an Choimisiúin 'Cloisimis uait!' a fháil anseo.

IARSCRÍBHINN

‘CUID B – Dlí náisiúnta

Na forálacha ábhartha den dlí náisiúnta lena gceanglaítear faisnéis a sholáthar a bheidh comhionann, go hiomlán nó go páirteach, leis an bhfaisnéis a shonraítear i bpointí (a) agus (b) d’Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2020/1056, liostaítear thíos iad.

An Ostair

(1) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* Uimh. 593/1995 ([1]): mír 17

(2) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* II Uimh. 399/1997 ([2]): mír 3

(3) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* II Uimh. 132/2007 ([3]): mír 3(1) agus mír 3(2)

(4) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* II Uimh. 207/2016 ([4]): mír 10(2)

(5) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* II Uimh. 395/2001 ([5]): mír 3(1)(2)(c)

(6) An Reacht ó Rialtas Réigiúnach na Tioróile Uimh. 1413/1998 ([6]): mír 4; agus An Reacht ó Rialtas Réigiúnach Vorarlberg Uimh. 45/1998 ([7]): mír 4

(7) An Reacht ó Rialtas Réigiúnach na Tioróile Uimh. 464/1999 ([8]): mír 4; agus An Reacht ó Rialtas Réigiúnach Salzburg Uimh. 68/1999 ([9]): mír 4

(8) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* Uimh. 1027/1994 ([10]): mír 2

(9) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* II Uimh. 192/2017 ([11]): mír 8

(10) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* I Uimh. 102/2002 ([12]): mír 19(1)

(11) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* Uimh. 522/1973 ([13]) maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 d’Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR)

([1]) Acht Cónaidhme maidir le hiompar tráchtála earraí le mótarfheithiclí (*Güterbeförderungsgesetz* (An Gníomh um Iompar Earraí) 1995 – GütbefG), leagan bunaidh: Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire Uimh. 593/1995, arna leasú go deireanach le hIris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire I Uimh. 18/2022.

([2]) An Reacht ón Aire Cónaidhme Eolaíochta agus Iompair maidir le díolúine an iompair traschórais idirnáisiúnta ó údaruithe (An Reacht maidir le Díolúine an Iompair Traschórais), Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire II Uimh. 399/1997 [CELEX Uimh.: 31992L0106].

([3]) An Reacht ón Aire Cónaidhme Iompair, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta maidir leis na seicliostaí atá le hiompar le linn cabatáiste (*Kabotagekontrollverordnung* – KKV), Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire II Uimh. 132/2007.

([4]) An Reacht ón Aire Cónaidhme Iompair, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta maidir le ceadanna CEMT a dheonú (*CEMT-Genehmigungs-Vergabeverordnung* – CEMT-VV), Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire II Uimh. 207/2016.

([5]) An Reacht ón Aire Cónaidhme Iompair, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta maidir le srianta le haghaidh aonaid iompair a iompraíonn substaintí contúirteacha le linn tiomána i dtolláin mótarbhealaí, leagan bunaidh: Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire II Uimh. 395/2001.

([6]) An Reacht ó Rialtas Réigiúnach na Tioróile an 10 Samhain 1998 (Bote für Tirol Uimh. 1413/1998 - Iris Oifigiúil Rialtas Réigiúnach na Tioróile IIb2-V--89/103), lena n-eisítear srianta tráchta ar iompar earraí contúirteacha le haghaidh Thollán Arlberg (S 16), lena n-áirítear na struchtúir tairsí.

([7]) An Reacht ó Rialtas Réigiúnach Vorarlberg – *Iris Oifigiúil stát Vorarlberg* Uimh. 45/1998 lena n-eisítear srianta tráchta ar iompar earraí contúirteacha le haghaidh Thollán Arlberg (S 16).

([8]) An Reacht ó Rialtas Réigiúnach na Tioróile an 1 Nollaig 1998 lena n-eisítear srianta tráchta ar iompar earraí contúirteacha le haghaidh Thollán Felbertauern (Bote für Tirol Uimh. 464/1999).

([9]) An Reacht ó Rialtas Réigiúnach Salzburg an 26 Bealtaine 1999 (Iris Oifigiúil an Stáit Uimh. 68/1999) lena n-eisítear srianta tráchta ar iompar earraí contúirteacha le haghaidh Thollán Felbertauern.

([10]) An Reacht ón Aire Cónaidhme Tionscail agus Iompair Náisiúnta maidir le díolúintí ó na toirmisc thiomána oíche le haghaidh turais lena n-úsáidtear iompar traschórais, leagan bunaidh: Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire Uimh. 1027/1994, arna leasú go deireanach le hIris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire II Uimh. 76/2007.

([11]) An Reacht ón Aire Cónaidhme Iompair, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta maidir le hOllmhais Fhíoraithe (VGM) na gcoimeádán muirlastais (VGM-V) a chinneadh, leagan bunaidh: Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire II Uimh. 192/2017.

([12]) Forálacha rialála a ghabhann le Rialachán CE maidir le Loingsithe Dramhaíola in: Acht Cónaidhme maidir le bainistiú dramhaíola inbhuanaithe (*Abfallwirtschaftsgesetz* 2002 – AWG 2002), leagan bunaidh: Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire I Uimh. 102/2002, [CELEX Uimh.: 31975L0442, 31991L0156, 31991L0689, 31994L0031, 31975L0439, 32000L0076, 31991L0157, 31998L0101, 31993L0086, 31978L0176, 31991L0692, 31996L0059, 31994L0062, 32000L0053, 31996L0061, 31996L0082 agus 31999L0031], arna leasú go deireanach le hIris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire I Uimh. 66/2023.

([13]) An Comhaontú Eorpach maidir le hiompar idirnáisiúnta earraí contúirteacha de bóthar (ADR), leagan bunaidh: Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire Uimh. 522/1973, arna leasú go deireanach le hIris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire III Uimh. 103/2023.

(12) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* II Uimh. 203/2019 ([14]): mír 5 agus mír 7(3)

(13) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* Uimh. 225/1985 ([15]) maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 den Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), atá mar Aguisín C a ghabhann le COTIF

(14) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* III Uimh. 67/2008 ([16]) maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Pháirt 5 de na Rialacháin atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Uiscebhealaí Intíre (ADN)

(15) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* I Uimh. 44/2016 ([17]): mír 21a (2)

(16) *Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire* III Uimh. 59/2003 ([18]): Airteagal 3(4)

An Bheilg

(1) Foraithne Ríoga an 2 Samhain 2017 maidir le hiompar earraí contúirteacha d'iarnród, cé is moite de phléascáin agus substaintí radaighníomhacha ([19]): Airteagal 13 agus Cuid 5, Caibidil 5.4 d'Iarscríbhinn III

(2) Foraithne Ríoga an 12 Iúil 2016 maidir le hiompar pléascán de bhóthar agus d'iarnród ([20]): Airteagal 15 maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) agus Caibidil 5.4 de Chuid 5 den Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), atá mar Aguisín C a ghabhann le COTIF

(3) Acht an 15 Iúil 2013 maidir le hiompar earraí de bhóthar ([21]):

a) Airteagal 17

b) Airteagal 29(1), Airteagal 29(2)(1)

(4) Foraithne Aireachta an 23 Bealtaine 2014 lena gcuirtear chun feidhme Foraithne Ríoga an 22 Bealtaine 2014 maidir le hiompar earraí de bhóthar ([22]): Airteagal 33, Airteagal 34(1) agus Airteagal 35(1)

(5) Foraithne ó Rialtas Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile an 22 Meán Fómhair 2022 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre ([23]): Airteagal 15 agus Airteagal 16 maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) agus Caibidil 5.4 de Pháirt 5 de na Rialacháin atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Uiscebhealaí Intíre (ADN)

([14]) An Reacht ón Aire Cónaidhme Iompair, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta maidir le hiompar cainníochtaí beaga earraí contúirteacha de bhóthar (*Gefahrgutbeförderungsverordnung Geringe Mengen* – GGBV-GM), Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire II Uimh. 203/2019.

([15]) Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID – Foscríbhinn C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún), leagan bunaidh: Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire Uimh. 225/1985, arna leasú go deireanach le hIris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire III Uimh. 110/2023.

([16]) An Comhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Uiscebhealaí Intíre (ADN) in éineacht leis na Rialacháin agus an dearbhú, leagan bunaidh: Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire III Uimh. 67/2008, arna leasú go deireanach le Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire III Uimh. 45/2023, [CELEX Uimh.: 32022L2407].

([17]) Dlí cónaidhme lena n-achtaítear dlí chun dumpáil pá agus dumpáil shóisialta a chomhrac (dlí maidir le dumpáil pá agus dumpáil shóisialta – LSD-BG), leagan bunaidh: Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire I Uimh. 44/2016 [CELEX Uimh.: 32014L0067], arna leasú go deireanach le hIris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire I Uimh. 111/2022 [CELEX Uimh.: 32020L1057].

([18]) Comhaontú idir Aire Cónaidhme Iompair, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta Phoblacht na hOstaire agus Aireacht Iompair Phoblacht na Slóivéine maidir le hiompar earraí contúirteacha trí thollán bhóthar Karawanks (Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire III Uimh. 59/2003).

([19]) Foraithne Ríoga an 2 Samhain 2017 (2017013157) maidir le hiompar earraí contúirteacha d'iarnród, cé is moite de phléascáin agus substaintí radaighníomhacha (Foilsithe in *Iris Oifigiúil na Beilge* an 27 Samhain 2017, arna leasú go deireanach in Iris Oifigiúil na Beilge an 6 Bealtaine 2020 (2019015279)).

([20]) Foraithne Ríoga an 12 Iúil 2016 (2016011316) maidir le hiompar pléascán de bhóthar agus d'iarnród (Foilsithe in *Iris Oifigiúil na Beilge* an 5 Lúnasa 2016, arna leasú go deireanach in Iris Oifigiúil na Beilge an 11 Meán Fómhair 2019 (2019014359)).

([21]) Acht an 15 Iúil 2013 (2013014763) maidir le hiompar earraí de bhóthar agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar.

([22]) Foraithne Aireachta an 23 Bealtaine 2014 (2014014286) lena gcuirtear chun feidhme Foraithne Ríoga an 22 Bealtaine 2014 maidir le hiompar earraí de bhóthar.

([23]) Foraithne an 22 Meán Fómhair 2022 (2022042182) ó Rialtas Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre, cé is moite de phléascáin agus ábhair radaighníomhacha.

(6) Foraithne Ríoga an 28 Meitheamh 2009 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar nó d'iarnród, cé is moite de phléascáin agus substaintí radaighníomhacha ([24]), maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR)

(7) Foraithne Ríoga an 31 Iúil 2009 maidir le hiompar earraí contúirteacha d'uiscebhealach intíre ([25]): Airteagal 1 maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 de na Rialacháin atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Uiscebhealaí Intíre (ADN)

(8) Foraithne an 6 Iúil 2012 maidir le hiompar earraí contúirteacha d'uiscebhealach intíre: ([26]): Airteagal 8(2) maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 de na Rialacháin atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre (ADN)

(9) Foraithne Ríoga an 24 Meán Fómhair 2006 lena leagtar síos rialacháin phóilíneachta ghinearálta maidir le loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre sa Bheilg ([27]): Iarscríbhinn, Airteagal 1.10.1(c) maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 de na Rialacháin atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre (ADN)

(10) Foraithne ó Rialtas Fhlóndras an 16 Meán Fómhair 2022 maidir le tuairisciú leictreonach sonraí ag longa ([28]), lena leasaítear an Fhoraithne ó Rialtas Fhlóndras an 25 Bealtaine 2018: Airteagal 5, pointí 2, 9, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 17, 20 agus 21

An Bhulgáir

(1) An tAcht um Iompar de Bhóthar ([29]): Airteagal 53(1), Airteagal 91(1), Airteagal 91(2) agus Airteagal 91(3)(1, 3, 5 agus 8)

([24]) Foraithne Ríoga an 28 Meitheamh 2009 (2009014168) maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar nó d'iarnród, cé is moite de phléascáin agus substaintí radaighníomhacha), arna leasú leis an bhForaithne ó Rialtas na Vallúine an 23 Bealtaine 2019 (2019041354).

([25]) Foraithne Ríoga an 31 Iúil 2009 maidir le hiompar earraí contúirteacha d'uiscebhealach intíre, arna leasú leis an bhForaithne ó Rialtas na Vallúine an 3 Nollaig 2021 (2021205807).

([26]) Foraithne an 6 Iúil 2012 maidir le hiompar earraí contúirteacha d'uiscebhealach intíre (2012204382)

([27]) Foraithne Ríoga an 24 Meán Fómhair 2006 lena leagtar síos rialacháin phóilíneachta ghinearálta maidir le loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre sa Bheilg.

([28]) Foraithne ó Rialtas Fhlóndras an 16 Meán Fómhair 2022 (2022033695) maidir le tuairisciú leictreonach sonraí ag longa agus lena leasaítear an Fhoraithne ó Rialtas Fhlóndras an 25 Bealtaine 2018 lena ndéantar na rialacháin maidir le hiompar earraí contúirteacha d'uiscebhealach intíre a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

([29]) An tAcht um Iompar de Bhóthar (Fógartha, Iris an Stáit (SG) Uimh. 82/17.9.1999, i bhfeidhm ón 17.9.1999; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 11/31.1.2002; arna leasú, SG Uimh. 45/30.4.2002; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 99/11.11.2003, i bhfeidhm ón 12.12.2003; arna leasú, SG Uimh. 70/10.8.2004, i bhfeidhm ón 1.1.2005, SG Uimh. 88/4.11.2005; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 92/18.11.2005, i bhfeidhm ón 18.11.2005; arna leasú, SG Uimh. 95/29.11.2005, i bhfeidhm ón 1.3.2006; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 102/20.12.2005, SG Uimh. 103/23.12.2005, i bhfeidhm ón 1.1.2006; arna leasú, SG Uimh. 105/29.12.2005, i bhfeidhm ón 1.1.2006, SG Uimh. 30/11.4.2006, i bhfeidhm ón 12.7.2006; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 85/20.10.2006, i bhfeidhm ón 20.10.2006; arna leasú, SG Uimh. 92/14.11.2006, i bhfeidhm ón 14.11.2006, SG Uimh. 102/19.12.2006; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 42/29.5.2007, SG Uimh. 80/5.10.2007, i bhfeidhm ón 5.10.2007; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 109/20.12.2007, i bhfeidhm ón 1.1.2008; arna leasú, SG Uimh. 102/28.11.2008, SG Uimh. 93/24.11.2009, i bhfeidhm ón 25.12.2009; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 41/1.6.2010; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 17/25.2.2011; arna leasú, SG Uimh. 38/18.5.2012, i bhfeidhm ón 1.7.2012, SG Uimh. 50/3.7.2012, i bhfeidhm ón 3.7.2012; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 60/7.8.2012, i bhfeidhm ón 7.8.2012; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 99/14.12.2012; arna leasú, SG Uimh. 103/28.12.2012, i bhfeidhm ón 1.1.2013, SG Uimh. 15/15.2.2013, i bhfeidhm ón 1.1.2014, SG Uimh. 23/8.3.2013, i bhfeidhm ón 8.3.2013, SG Uimh. 66/26.7.2013, i bhfeidhm ón 26.7.2013; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 109/20.12.2013, i bhfeidhm ón 1.1.2014; arna leasú, SG Uimh. 11/7.2.2014, i bhfeidhm ón 30.12.2013; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 60/22.7.2014; arna leasú, SG Uimh. 98/28.11.2014, i bhfeidhm ón 28.11.2014, SG Uimh. 107/24.12.2014, i bhfeidhm ón 1.1.2015, SG Uimh. 14/20.2.2015; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 60/7.8.2015; arna leasú, SG Uimh. 81/20.10.2015, i bhfeidhm ón 1.4.2016, SG Uimh. 100/18.12.2015, i bhfeidhm ón 20.11.2015; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 32/22.4.2016, i bhfeidhm ón 1.4.2016; arna leasú, SG Uimh. 58/26.7.2016, SG Uimh. 59/29.7.2016, i bhfeidhm ón 1.8.2016; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 9/26.1.2017, SG Uimh. 93/21.11.2017, SG Uimh. 62/27.7.2018, i bhfeidhm ón 28.1.2019, SG Uimh. 80/28.9.2018, i bhfeidhm ón 28.6.2019, SG Uimh. 105/18.12.2018, i bhfeidhm ón 1.1.2019, SG Uimh. 60/7.7.2020, i bhfeidhm ón 7.7.2020, SG Uimh. 71/11.8.2020, i bhfeidhm ón 11.8.2020, SG Uimh. 108/22.12.2020, arna leasú, SG Uimh. 21/12.3.2021; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 22/16.3.2021; arna leasú, SG Uimh. 23/19.3.2021, i bhfeidhm ón 19.3.2021); Cinneadh Uimh. 11 ó Chúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire an 30.9.2021 – SG Uimh. 84 an 8.10.2021.

(2) Reacht Uimh. 33 an 03/11/1999 ([30]): Airteagal 89(3)

(3) Reacht Uimh. 11 an 31/10/2002 ([31]): Airteagal 19(1)(3)

(4) Reacht Uimh. N-14 an 27/08/2009 ([32]): Airteagal 13(3) agus Airteagal 14(1)

(5) Reacht Uimh. 40 an 14/01/2004 ([33]): Airteagal 43(1)(1) agus Airteagal 43(1)(2) maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR)

(6) An tAcht um Iompar d'Iarnród 97/2000 ([34]): Airteagal 90, maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 den Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), atá mar Aguisín C a ghabhann le COTIF

(7) Reacht Uimh. 46 an 30/11/2001 ([35]): Airteagal 25(1) agus Airteagal 31a(1), maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 den Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), atá mar Aguisín C a ghabhann le COTIF

(8) Reacht Uimh. 16 an 20/06/2006 ([36]): Airteagal 9(2) maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 de na Rialacháin atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre (ADN)

(9) Reacht Uimh. 53 an 10/02/2003 ([37]): Airteagal 12, Pointí 1 agus 2

([30]) Reacht Uimh. 33 an 3.11.1999 maidir le hiompar poiblí paisinéirí agus earraí ar chríoch Phoblacht na Bulgáire.

([31]) Reacht Uimh. 11 an 31.10.2002 maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí agus earraí de bhóthar i dtaca le nóta coinsíneachta de réir sampla de réir an Choinbhinsiúin maidir leis an gConradh maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí de Bhóthar (CMR).

([32]) Reacht Uimh. N-14 an 27.08.2009 maidir leis an mbealach chun cigireachtaí rialúcháin cois bóthair agus ar/ag áitreabh bunaíochtaí a dhéanamh agus a eagrú agus maidir lena raon feidhme agus maidir le hiompróirí agus daoine a dhéanann gníomhaíochtaí iompair ar a gcostas féin a aicmiú.

([33]) Reacht Uimh. 40 an 14.01.2004 maidir leis na coinníollacha agus nósanna imeachta chun earraí contúirteacha a iompar de bhóthar, Fógartha, Iris an Stáit (SG) Uimh. 15/24.2.2004, i bhfeidhm ón 25.5.2004; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 12/6.2.2007; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 67/17.8.2007; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 16/26.2.2010, i bhfeidhm ón 30.6.2009; arna cheartú, SG Uimh. 18/5.3.2010; arna leasú, SG Uimh. 100/20.12.2011; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 87/4.10.2013, i bhfeidhm ón 4.10.2013; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 76/2.10.2015, i bhfeidhm ón 2.10.2015; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 76/19.9.2017; arna cheartú, SG Uimh. 77/26.9.2017; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 33/17.4.2018, SG Uimh. 81/2.10.2018; arna leasú, SG Uimh. 76/27.9.2019, i bhfeidhm ón 27.9.2019).

([34]) An tAcht um Iompar d'Iarnród (Fógartha, Iris an Stáit (SG) Uimh. 97/28.11.2000, i bhfeidhm ón 1.1.2002; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 47/10.5.2002; arna leasú, SG Uimh. 96/11.10.2002, SG Uimh. 70/10.8.2004, i bhfeidhm ón 1.1.2005, SG Uimh. 115/30.12.2004, i bhfeidhm ón 1.1.2005; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 77/27.9.2005, i bhfeidhm ón 27.9.2005; arna leasú, SG Uimh. 88/4.11.2005, SG Uimh. 36/2.5.2006, i bhfeidhm ón 1.7.2006, SG Uimh. 37/5.5.2006, i bhfeidhm ón 1.7.2006; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 62/1.8.2006, i bhfeidhm ón 1.1.2007; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 92/14.11.2006, i bhfeidhm ón 14.11.2006; arna leasú, SG Uimh. 108/29.12.2006, i bhfeidhm ón 1.1.2007; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 22/24.3.2009; arna leasú, SG Uimh. 35/12.5.2009, i bhfeidhm ón 12.5.2009, SG Uimh. 74/15.9.2009, i bhfeidhm ón 15.9.2009; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 81/13.10.2009, SG Uimh. 87/5.11.2010, SG Uimh. 47/21.6.2011, i bhfeidhm ón 21.6.2011, SG Uimh. 15/15.2.2013, i bhfeidhm ón 1.1.2014; arna leasú, SG Uimh. 68/2.8.2013, i bhfeidhm ón 2.8.2013, SG Uimh. 17/6.3.2015, i bhfeidhm ón 6.3.2015; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 47/26.6.2015, SG Uimh. 19/11.3.2016; arna leasú, SG Uimh. 58/26.7.2016, SG Uimh. 96/1.12.2017, i bhfeidhm ón 1.1.2018; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 103/28.12.2017, i bhfeidhm ón 1.1.2018; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 17/23.2.2018, i bhfeidhm ón 23.2.2018; arna leasú, SG Uimh. 77/18.9.2018, i bhfeidhm ón 1.1.2019; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 20/8.3.2019, i bhfeidhm ón 8.3.2019; arna leasú, SG Uimh. 62/6.8.2019, i bhfeidhm ón 6.8.2019; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 79 an 8.9.2020; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 11/9.2.2021).

([35]) Reacht Uimh. 46 an 30 Samhain 2001 maidir le hiompar earraí contúirteacha d'iarnród (Arna ghlacadh ag an Aire Iompair agus Cumarsáide – Fógartha, Iris an Stáit (SG) Uimh. 107/11.12.2001, i bhfeidhm ón 1.1.2002; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 99/8.12.2006; arna leasú, SG Uimh. 63/3.8.2007; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 44/12.6.2009, SG Uimh. 46/17.6.2011; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 44/17.5.2013; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 24/31.3.2015, SG Uimh. 78/29.9.2017, SG Uimh. 55/12.7.2019).

([36]) Reacht Uimh. 16 an 20 Meitheamh 2006 maidir le láimhseáil agus iompar earraí contúirteacha agus/nó truaillitheacha de mhuir agus earraí contúirteacha d'uiscebhealach intíre (Teideal arna leasú in SG Uimh. 46/2013) (Arna ghlacadh ag an Aire Iompair – Fógartha, Iris an Stáit (SG) Uimh. 53/30.6.2006, i bhfeidhm ón 30.6.2006; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 46/19.6.2009, i bhfeidhm ón 30.6.2009; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 91/19.11.2010, i bhfeidhm ón 30.11.2010; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 46/21.5.2013; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 67/30.7.2013, SG Uimh. 59/4.8.2015; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 45/6.6.2017, SG Uimh. 95/28.11.2017, SG Uimh. 62/6.8.2019).

([37]) Reacht Uimh. 53 an 10 Feabhra 2003 maidir le hiompar traschórais earraí (Arna ghlacadh ag an Aire Iompair agus Cumarsáide – Fógartha, *Iris an Stáit* (SG) Uimh. 18/25.2.2003).

(10) Cód Loingseoireachta Ceannaíochta ([38]):

(a) Airteagal 106, Airteagal 110

(b) Airteagal 120(1), Airteagal 120(2)

An Chróit

(1) An tAcht um Iompar Lastais Traschórais (*Iris Oifigiúil* Uimh. 120/2016) ([39]): Airteagal 7, Pointí 1 agus 2

(2) An Dlí maidir le bainistiú dramhaíola inbhuanaithe (*Iris Oifigiúil* uimh. 84/2021) ([40]): Airteagal 24(3), Airteagal 24(8), i gcomhréir leis an Reacht maidir le bainistiú dramhaíola (*Iris Oifigiúil* uimh. 106/2022), Airteagal 7

(3) An Dlí um iompar de bhóthar (*Iris Oifigiúil* uimh. 41/2018) ([41]): Airteagal 79, Airteagal 80, Airteagal 87(8) agus Airteagal 95(2)

(4) An Reacht maidir le ceadanna san iompar lasta (*Iris Oifigiúil* uimh. 57/2018) ([42]): Airteagal 9(3)

(5) An Dlí maidir le hiompar earraí contúirteacha (*Iris Oifigiúil* uimh. 79/2007) ([43]):

(a) Airteagal 3(1) maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR);

(b) Airteagal 3(2), maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 den Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), atá mar Aguisín C a ghabhann le COTIF;

(c) Airteagal 3(3) maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 de na Rialacháin atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre (ADN)

An Chipir

(1) An Dlí maidir le hEarraí Contúirteacha a Iompar de Bhóthar 2004 arna leasú go dtí seo: Airteagal 5(2), maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) ([44])

(2) Treoir um Shábháilteacht Theicniúil (TSD) Uimh. 1 – Acht Cur Chun Feidhme an Chláir Náisiúnta um Shlándáil Eitlíochta Sibhialta (NASP) (leagan poiblí) an 6 Meitheamh 2020 ([45]): Caibidil 6.3.2.6, pointí (a)-(g)

(3) An Dlí um Mótarfheithiclí agus Trácht ar Bhóithre, 1972 arna leasú go dtí seo: Airteagal 2(2D)(3)(e)

([38]) Cód Loingseoireachta Ceannaíochta – Fógartha, *Iris an Stáit* Uimh. 55/14.07.1970 agus Uimh. 56/17.07.1970, éifeacht leis ón 1.01.1971; arna cheartú, SG Uimh. 58/24.07.1970; arna leasú, SG Uimh. 55/18.07.1975; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 10/6.02.1987; arna leasú, SG Uimh. 30/13.04.1990; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 85/24.07.1998; éifeacht leis ón 1.01.1998, arna fhorlíonadh, SG Uimh. 12/11.02.2000; arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 41/24.04.2001, SG Uimh. 113/3.12.2002, SG Uimh. 55/25.06.2004; arna leasú, SG Uimh. 42/17.05.2005; arna fhorlíonadh, SG Uimh. 77/27.09.2005; éifeacht leis ón 27.09.2005, arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 87/1.11.2005; arna leasú, SG Uimh. 94/25.11.2005; éifeacht leis ón 1.01.2006, arna fhorlíonadh, SG Uimh. 104/27.12.2005; éifeacht leis ón 27.12.2005, arna fhorlíonadh, SG Uimh. 30/11.04.2006; éifeacht leis ón 12.07.2006, arna fhorlíonadh, SG Uimh. 62/1.08.2006; éifeacht leis ón 1.01.2007, arna leasú, SG Uimh. 108/29.12.2006, éifeacht leis ón 1.01.2007, SG Uimh. 36/4.04.2008, arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 71/12.08.2008, arna fhorlíonadh, SG Uimh. 98/14.11.2008, arna leasú, SG Uimh. 12/13.02.2009, éifeacht leis ón 1.01.2010 - arna leasú, SG Uimh. 32/28.04.2009, arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 85/29.10.2010, SG Uimh. 92/22.11.2011, arna leasú, SG Uimh. 38/18.05.2012, éifeacht leis ón 1.07.2012, SG Uimh. 77/9.10.2012, éifeacht leis ón 9.10.2012, SG Uimh. 15/15.02.2013, éifeacht leis ón 1.01.2014, SG Uimh. 28/19.03.2013, arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 109/20.12.2013, arna leasú, SG Uimh. 14/20.02.2015, arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 52/10.07.2015, arna leasú, SG Uimh. 58/26.07.2016, arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 93/21.11.2017, arna leasú, SG Uimh. 28/29.03.2018, SG Uimh. 62/6.08.2019, éifeacht leis ón 6.08.2019, arna leasú agus arna fhorlíonadh, SG Uimh. 104/8.12.2020.

([39]) An tAcht um Iompar Lastais Traschórais (*Iris Oifigiúil* uimh. 120/2016).

([40]) An Dlí maidir le bainistiú dramhaíola inbhuanaithe (*Iris Oifigiúil* uimh. 84/2021).

([41]) An Dlí um iompar de bhóthar (*Iris Oifigiúil* uimh. 41/2018).

([42]) An Reacht maidir le ceadanna san iompar lasta (*Iris Oifigiúil* uimh. 57/2018).

([43]) An Dlí maidir le hiompar earraí contúirteacha (*Iris Oifigiúil* uimh. 79/2007).

([44]) Dlí 2004 um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar - 29(I)/2004.

([45]) Treoir um Shábháilteacht Theicniúil (TSD) Uimh. 1 – Acht Cur Chun Feidhme an Chláir Náisiúnta um Shlándáil Eitlíochta Sibhialta (NASP) (leagan poiblí) an 6 Meitheamh 2020.

An tSeicia

(1) Acht Uimh. 111/1994 Coll. um Iompar de Bhóthar ([46]): Roinn 23(2)(a)

(2) Acht Uimh. 266/1994 Coll. (An tAcht um Iarnróid ([47])): Airteagal 63(2) maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 den Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), atá mar Aguisín C a ghabhann le COTIF

(3) Roinn 85a d'Acht Uimh. 49/1997 Coll. maidir le heitlíocht shibhialta agus lena leasaítear Acht Uimh. 455/1991 Coll., maidir le ceadúnú trádála (an tAcht maidir le Ceadúnú Trádála), arna leasú

(4) Foraithne Uimh. 478/2000 Coll. ([48]): Roinn 1, lena gcuirtear chun feidhme Acht Uimh. 111/1994 Coll. um Iompar de Bhóthar, arna leasú

(5) Teachtaireacht Uimh. 102/2011 Coll. ón Aire Gnóthaí Eachtracha ([49]) maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Pháirt 5 de na Rialacháin atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Uiscebhealaí Intíre

An Danmhairg

(1) Ordú Feidhmiúcháin uimh. 531 an 24 Bealtaine 2018 maidir le cineálacha áirithe iompar lastais traschórais ([50]): mír 7(1)

(2) An Dlí maidir le rialú comhlíontachta le Rialachán CEE Uimh. 11/1960 (LBK Uimh. 119 an 21 Feabhra 1990) ([51]): mír 2(1)

(3) Ordú Feidhmiúcháin uimh. 828 an 10 Meitheamh 2017 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar ([52]): mír 5(3), mír 17(1), mír 18(1) agus mír 19(1)

(4) Ordú Feidhmiúcháin uimh. 601 an 23 Meitheamh 2009 maidir le hiompar earraí contúirteacha d'iarnród ([53]): mír 1(1), maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 den Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), atá mar Aguisín C a ghabhann le COTIF

(5) Ordú Feidhmiúcháin Uimh. 541 an 12 Meitheamh 2012 maidir le húsáid RID san iompar náisiúnta agus iompar earraí contúirteacha i mbagáiste láimhe, etc. ([54]) mír 1(1), maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 den Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), atá mar Aguisín C a ghabhann le COTIF

(6) Ordú Feidhmiúcháin uimh. 240 an 16 Feabhra 2022 maidir le hiompar lastais ([55]): mír 36

An Eastóin

(1) Rialachán 150(1996) ([56]),maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR)

([46]) Acht Uimh. 111/1994 Coll. um Iompar de Bhóthar, arna leasú (zákon č. 111/1994 Sb., o silniční dopravě, ve znění pozdějších předpisů).
([47]) Tagraíonn Acht Uimh. 266/1994 Coll. (An tAcht um Iarnróid) d'Fhoraithne Uimh. 8/1985, Foraithne ón Aire Gnóthaí Eachtracha i dtaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) (Zákon č. 266/1994 Sb: Článek 63(2)).
([48]) Acht Uimh. 111/1994 Coll., um Iompar de Bhóthar, arna leasú (zákon č. 111/1994 Sb., o silniční dopravě, ve znění pozdějších předpisů), i gcomhar le Foraithne Uimh. 478/2000 Coll., lena gcuirtear chun feidhme an tAcht um Iompar de Bhóthar, arna leasú (vyhláška č. 478/2000 Sb., kterou se provádí zákon o silniční dopravě, ve znění pozdějších předpisů).
([49]) Teachtaireacht ón Aire Gnóthaí Eachtracha Uimh. 102/2011 Coll. i dtaca leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha ar Uiscebhealaí Intíre (102/2011 Sb.m.s. SDĚLENÍ Ministerstva zahraničních věcí).
([50]) Ordú Feidhmiúcháin uimh. 531 an 24 Bealtaine 2018 maidir le cineálacha áirithe iompar lastais traschórais.
([51]) An Dlí maidir le rialú comhlíontachta le Rialachán CEE Uimh. 11/1960 maidir le deireadh a chur le hidirdhealú i bpraghsanna iompair agus coinníollacha iompair, LBK Uimh. 119 an 21 Feabhra 1990.
([52]) Ordú Feidhmiúcháin uimh. 828 an 10 Meitheamh 2017 maidir le hiompar earraí contúirteacha de bhóthar.
([53]) Ordú Feidhmiúcháin uimh. 601 an 23 Meitheamh 2009 maidir le hiompar earraí contúirteacha d'iarnród.
([54]) Ordú Feidhmiúcháin Uimh. 541 an 12 Meitheamh 2012 maidir le húsáid RID san iompar náisiúnta agus iompar earraí contúirteacha i mbagáiste láimhe, etc.
([55]) Ordú Feidhmiúcháin uimh. 240 an 16 Feabhra 2022 maidir le hiompar lastais.
([56]) Rialachán uimh. 150 ó Rialtas Phoblacht na hEastóine ón 28.05.1996 maidir le haontú leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) (tháinig i bhfeidhm i gcás na hEastóine an 25.07.1996) (Ühinemine ohtlike veoste rahvusvahelise autoveo Euroopa kokkuleppega (ADR)), (RT II 1996, 29, 104).

(2) Acht na hEastóine um Iarnróid ([57]): Airteagal 111, maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 den Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), atá mar Aguisín C a ghabhann le COTIF

(3) Acht na hEastóine um Dhramhaíl ([58]): Airteagal 108 (1), Airteagal 113 (1) agus Airteagal 115 (3)

(4) Clár na hEastóine um Shlándáil Eitlíochta Sibhialta: pointe 6.3.2.6

(5) Acht na hEastóine um Iompar de Bhóthar ([59]):

(a) Airteagal 29(3), Airteagal 29(4), Airteagal 29(5)

(b) Airteagal 32(1)

(c) Airteagal 33(6)

(d) Airteagal 35(10)(1), Airteagal 35(10)(2)

An Fhionlainn

(1) An tAcht um Chonarthaí Iompair de Bhóthar 345/1979 ([60]): Roinn 9

(2) An tAcht um Sheirbhísí Iompair 320/2017 ([61]): Roinn 24

(3) Rialachán maidir le hIompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar ([62]): maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR)

(4) Rialachán maidir le hIompar Earraí Contúirteacha d'Iarnród ([63]): maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 den Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), atá mar Aguisín C a ghabhann le COTIF

An Fhrainc

(1) Cód Iompair na Fraince ([64]):

(a) Airteagal R.3411-13

(b) Airteagal L 4461 Mír 1, Airteagal R 4412 Mír 1, Airteagal R 4461 Mír 1, Airteagal R 4461 Mír 2

(2) Ordú an 9 Samhain 1999 maidir leis na doiciméid iompair nó cíosa nach mór a bheith ar bord feithiclí chun earraí a iompar de bhóthar ([65]):

(a) Airteagal 4-II, Airteagal 5-I, Airteagal 5-II, Airteagal 6

(b) Airteagal 4-III

(c) Airteagal 4-IV

(3) Ordú an 25 Meán Fómhair 1991 maidir le feidhmiú iompair traschórais earraí idir Ballstáit Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ([66]): Airteagal 2, Airteagal 5

([57]) Acht na hEastóine um Iarnróid (RT I, 30.10.2020, 1), (Raudteeseadus) Acht na hEastóine um Cheimiceáin, (RT I, 10.11.2015, 2), (Kemikaaliseadus).
([58]) Acht na hEastóine um Dhramhaíl, (RT I 2004, 9, 52), (Jäätmeseadus).
([59]) Acht na hEastóine um Iompar de Bhóthar (RT I, 11.01.2018, 1), (Autoveoseadus).
([60]) An tAcht um Chonarthaí Iompair de Bhóthar (Tiekuljetussopimuslaki, 345/1979).
([61]) An tAcht um Sheirbhísí Iompair (Laki liikenteen palveluista, 320/2017).
([62]) Rialachán Ghníomhaireacht Iompair agus Cumarsáide na Fionlainne maidir le hIompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (Liikenne- ja viestintäviraston määräys vaarallisten aineiden kuljetuksesta tiellä, TRAFICOM/473662/03.04.03.00/2022).
([63]) Rialachán Ghníomhaireacht Iompair agus Cumarsáide na Fionlainne maidir le hIompar Earraí Contúirteacha d'Iarnród (Liikenne- ja viestintäviraston määräys vaarallisten aineiden kuljetuksesta rautatiellä (TRAFICOM/474029/03.04.02.00/2022)).
([64]) Cód Iompair na Fraince.
([65]) Ordú an 9 Samhain 1999 (EQUT9901586A) a bhaineann leis na doiciméid iompair nó cíosa nach mór a bheith ar bord feithiclí chun earraí a iompar de bhóthar.
([66]) Ordú an 25 Meán Fómhair 1991 (EQUT9101416A) maidir le feidhmiú iompair traschórais earraí idir Ballstáit Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

(4) Ordú an 24 Iúil 2018 ([67]) maidir leis an dearbhú um luchtú ar uiscebhealaí intíre faoi bhainistíocht Voies Navigables de France arna leasú le hOrdú an 23 Nollaig 2021 ([68]): Mír 2

(5) Ordú Leasaithe an 29 Bealtaine 2009 maidir le hIompar Earraí Contúirteacha de Thalamh: 3.4.2.1 Iarscríbhinn I ([69]), 3.5 Iarscríbhinn I ([70]), 3.9.4 Iarscríbhinn I ([71]), Foscríbhinn IV.9 ([72]) agus Foscríbhinn IV.10 ([73])

An Ghearmáin

(1) Rialachán maidir le Tarlú Bóthair Trasteorann agus Cabatáiste an 28/12/2011 ([74]): Airteagal 17

(2) An tAcht maidir le Tarlú Bóthair an 22/06/1998 ([75]): Airteagal 7(1)(3)

(3) An Reacht maidir le hIompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, Iarnród agus Uiscebhealaí Intíre an 26/03/2021 ([76]): mír 1(3) maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 d'Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR), Caibidil 5.4 de Chuid 5 den Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID), atá mar Aguisín C a ghabhann le COTIF, Caibidil 5.4 de Pháirt 5 de na Rialacháin atá i gceangal leis an gComhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Uiscebhealaí Intíre (ADN); mír 35(2)

(4) An Reacht maidir le Díolúintí ó na Rialacháin maidir le hIompar Earraí Contúirteacha an 11/03/2019 ([77]): Díolúine 9, Díolúine 18, Díolúine 20, Díolúine 21, Díolúine 22, Díolúine 24 agus Díolúine 28

An Ghréig

(1) Foraithne 63/1986 ón Uachtarán ([78]): Airteagal 4

(2) Dlí Uimh. 1815/1988 ([79]): Airteagal 98(2)

(3) Cinneadh Comhpháirteach Aireachta 200035/2023 ([80]) maidir le ceanglais faisnéise i gcomhréir le Caibidil 5.4 de Chuid 5 de Roinn I.1 d'Iarscríbhinn I (ADR) a ghabhann le Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, de réir mar is infheidhme

([67]) Ordú an 24 Iúil 2018 maidir leis an dearbhú um luchtú ar uiscebhealaí intíre faoi bhainistíocht Voies Navigables de France, arna dhéanamh de bhun Airteagal R. 4461-1 den Chód Iompair.
([68]) Ordú an 23 Nollaig 2021 lena leasaítear Ordú an 24 Iúil 2018 maidir leis an dearbhú um luchtú ar uiscebhealaí intíre faoi bhainistíocht Voies Navigables de France, arna ghlacadh de bhun Airteagal R. 4461-1 den Chód Iompair.
([69]) 3.4.2.1 Iarscríbhinn I, Tinte Ealaíne, 'Iompar arna dhéanamh i gcomhréir le 3.4.2 d'Fhoscríbhinn I a ghabhann leis an Ordú um Earraí Contúirteacha (DEVP0911622A)'.
([70]) 3.5 Iarscríbhinn I, Umair stórála GPL a iompar, 'Iompar arna dhéanamh i gcomhréir le 3.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Ordú um Earraí Contúirteacha'.
([71]) 3.9.4 Iarscríbhinn I, Dramhaíl ina bhfuil aispeist a iompar, 'Dramhaíl ó láithreáin bóithre atá éillithe le haispeist neamhcheangailte' nó 'Dramhaíl ó láithreán athshlánúcháin tar éis tubaiste atá éillithe le haispeist' nó 'Dramhaíl ó láithreán scartála tar éis tubaiste atá éillithe le haispeist neamhcheangailte' agus 'Iompar arna dhéanamh i gcomhréir le forálacha 3.9 d'fhoscríbhinn I a ghabhann leis an Ordú um Earraí Contúirteacha'.
([72]) Foscríbhinn IV.9, Earraí contúirteacha áirithe a sheachadadh i bulc-choimeádáin idirmheánacha, 'Seachadadh i gcomhréir le 3.7.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Ordú um Earraí Contúirteacha'.
([73]) Foscríbhinn IV.10, Dáileadh soghluaiste breosla, 'Iompar arna dhéanamh i gcomhréir le 3.7.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Ordú um Earraí Contúirteacha'.
([74]) Rialachán maidir le Tarlú Bóthair Trasteorann agus Cabatáiste (Verordnung über den grenzüberschreitenden Güterkraftverkehr und den Kabotageverkehr) an 28 Nollaig 2011 (*Iris Oifigiúil Chónaidhm na Gearmáine* 2012 I lch. 42), arna leasú le hAirteagal 2 de Rialacháin an 9 Nollaig 2020 (*Iris Oifigiúil Chónaidhm na Gearmáine* I lch. 2905).
([75]) An tAcht maidir le Tarlú Bóthair (Güterkraftverkehrsgesetz) an 22 Meitheamh 1998 (*Iris Oifigiúil Chónaidhm na Gearmáine* I, lch. 1485), arna leasú le hAirteagal 3a d'Acht an 26 Samhain 2020 (*Iris Oifigiúil Chónaidhm na Gearmáine* I, lch. 2575).
([76]) Fógairt GGVSEB i leith an Reachta maidir le hIompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, Iarnród agus Uiscebhealaí Intíre (Athmhúnlú) an 26 Márta 2021 (*Iris Oifigiúil Chónaidhm na Gearmáine* I lch. 481).
